Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/1129

4.6.2025

**CINNEADH (AE) 2025/1129 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 26 Bealtaine 2025**

**lena n-iarrtar ar na Ballstáit, chun leas an Aontais Eorpaigh, glacadh leis na leasuithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rún WHA77.17 agus a glacadh an 1 Meitheamh 2024**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 168(5) i gcomhar le h Airteagal 218(6)(a), fophointí (iii) agus (v), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa [1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 3 Márta 2022, le glacadh Chinneadh (AE) 2022/451 [2], d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún caibidlíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais, maidir le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, comhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí, chomh maith le leasuithe comhlántacha ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005).

(2) An 1 Meitheamh 2024, ag an 77ú seisiún den Chomhthionól Domhanda Sláinte (CDS), ghlac Comhaltaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) de chomhthoil na leasuithe éagsúla ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rún WHA77.17 ('na leasuithe') [3] agus a bhfuil sé d'aidhm acu éifeachtacht na Rialachán a neartú.

(3) De bhun Airteagal 22 de Bhunreacht EDS, tá na leasuithe le teacht i bhfeidhm maidir le Comhaltaí uile EDS seachas na Comhaltaí sin a thug fógra don Ard-Stiúrthóir faoi dhiúltú nó faoi fhorchoimeádais laistigh den tréimhse a luaitear san fhógra maidir le glacadh na leasuithe sin.

(4) Déanann an tAontas neartú na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) agus a gcur chun feidhme éifeachtach a chur chun cinn.

(5) Le blianta beaga anuas, tá a chreat slándála sláinte neartaithe go mór ag an Aontas go mór trí roinnt gníomhartha dlí a ghlacadh, go háirithe Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [4] maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus Rialachán (AE) 2022/2372 ón gComhairle [5] maidir le creat beart chun soláthar frithbheart leighis atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú i gcás éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais.

---

[1] Toiliú ón 6 Bealtaine 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

[2] Cinneadh (AE) 2022/451 ón gComhairle an 3 Márta 2022 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh chun comhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí, chomh maith le leasuithe comhlántacha ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) (IO L 92, 21.3.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/451/oj).

[3] WHA77.17 – 'Strengthening preparedness for and response to public health emergencies through targeted amendments to the International Health Regulations (2005)', [WHA77.17 – Ullmhacht agus freagairt d'éigeandálaí sláinte poiblí a neartú trí leasuithe spriocdhírithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005)] agus inrochtana ag https://apps.who.int/gb/ebwha/pdf_files/WHA77/A77_R17-en.pdf. Rinneadh na leasuithe, maille le roinnt ceartúchán eagarthóireachta, a scaipeadh a thuilleadh ar na Stáit is Páirtithe sna Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) trí chiorclán EDS C.L.40.2024 an 19 Meán Fómhair 2024. Léirítear na ceartúcháin eagarthóireachta sin freisin i dtéacs na leasuithe a ghabhann leis an gCinneadh seo.

[4] Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (IO L 314, 6.12.2022, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2371/oj).

[5] Rialachán (AE) 2022/2372 ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2022 maidir le creat beart chun soláthar frithbheart leighis atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú i gcás éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais (IO L 314, 6.12.2022, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2372/oj).

(6) Baineann líon suntasach de na leasuithe le hábhair a bhfuil inniúlacht ag an Aontas ina leith, ar bhonn Airteagal 168(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) arna léamh in éineacht le hAirteagal 6 agus Airteagal 168(1) CFAE, chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát, iad a chomhordú nó a fhorlíonadh agus ar ann do rialacha de chuid an Aontais ina leith, go háirithe i réimse na mbagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte faoi Rialachán (AE) 2022/2371. Ina theannta sin, comhfhreagraíonn roinnt de na leasuithe do réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais i ndáil le frithbhearta leighis atá ábhartha i gcás géarchéime a sholáthar, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/2372, le cosaint na sláinte poiblí i gcás éigeandáil sláinte poiblí mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/123 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [6], le saorghluaiseacht daoine mar a leagtar síos i dTreoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [7], le cosaint shibhialta mar a leagtar amach i gCinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [8], nó le comhar um fhorbairt mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [9].

(7) Ní bhaineann an Cinneadh seo úsáid as an bhféidearthacht atá ag an Aontas a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú i ndáil le réimsí nach ann do rialacha de chuid an Aontais ina leith cheana féin. Leanann na Ballstáit de bheith inniúil maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis na leasuithe, a mhéid nach ndéanann na leasuithe difear do rialacha an Aontais ná nach n-athraíonn siad a raon feidhme, lena n-áirítear forbairtí intuartha a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na rialacha sin amach anseo. Ina theannta sin, leanann na Ballstáit, agus iad féin amháin, de bheith freagrach as a mbeartas sláinte a shainiú agus as seirbhísí sláinte agus cúram leighis a eagrú agus a sholáthar i gcomhréir le h Airteagal 168(7) CFAE. Ina theannta sin, ní chruthaítear oibleagáidí airgeadais breise do na Ballstáit leis an gCinneadh seo.

(8) Níl aon cheann de na leasuithe contrártha do dhlí an Aontais agus, dá bhrí sin, ní gá forchoimeádais a dhéanamh i leith na leasuithe a thagann faoi inniúlacht an Aontais.

(9) Níl an tAontas ina pháirtí sna Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005), toisc nach féidir ach le Stáit a bheith ina bPáirtithe iontu. Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe sna Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005).

(10) Sna himthosca sin, agus i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, ba cheart inniúlacht an Aontais a fheidhmiú go seachtrach trí na Ballstáit a bheith ag gníomhú mar idirghabhálaithe. Chuige sin, ba cheart a iarraidh ar na Ballstáit glacadh, gan forchoimeádais, leis na leasuithe, a mhéid a thagann na leasuithe sin faoi inniúlacht an Aontais.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Iarrtar ar na Ballstáit glacadh, chun leas an Aontais, gan forchoimeádais, leis na leasuithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rún WHA 77.17 a glacadh an 1 Meitheamh 2024, a mhéid a bhfuil comhrialacha glactha ag an Aontas ina leith maidir leis na hábhair a dtugtar aghaidh orthu sna leasuithe sin.

Tá téacs na leasuithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) i gceangal leis an gCinneadh seo.

---

(6) Rialachán (AE) 2022/123 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 maidir le ról atreisithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach in ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis (IO L 20, 31.1.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/123/oj).

(7) Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh aistriú agus cur fúthu gan bhac laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2004/38/oj).

(8) Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/1313/oj).

(9) Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/947/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Bealtaine 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

C. SIEKIERSKI

**AISTRIÚCHÁN**

**Leasuithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) a glacadh ag an 77ú Comhthionól Domhanda Sláinte trí bhíthin rún WHA77.17 (2024), is le líne faoi agus i gcló trom a léirítear an méid a cuireadh isteach agus is le líne tríd a léirítear an méid a scriosadh.**

## RIALACHÁIN SLÁINTE IDIRNÁISIÚNTA (2005)

### CUID I – SAINMHÍNITHE, CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME, PRIONSABAIL AGUS NA hÚDARÁIS ATÁ FREAGRACH

*Airteagal 1 Sainmhínithe*

1. Chun críocha na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (dá ngairtear 'IHR' nó 'Rialacháin' anseo feasta):

(…)

**ciallaíonn 'Údarás Náisiúnta IHR' an t-eintiteas arna ainmniú nó arna bhunú ag an Stát is Páirtí ar an leibhéal náisiúnta chun cur chun feidhme na Rialachán sin a chomhordú laistigh de dhlínse an Stáit is Páirtí;**

(…)

**ciallaíonn 'éigeandáil paindéime' éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í agus arb é galar teagmhálach is cúis léi agus:**

**(i) go bhfuil raon geografach leathan aici chuig roinnt Stát agus laistigh díobh, nó go bhfuil baol mór ann go mbeidh raon geografach leathan aici; agus**

**(ii) go sáraíonn sí acmhainneacht na gcóras sláinte freagairt a thabhairt sna Stáit sin, nó go bhfuil baol mór ann go sáróidh sí an acmhainneacht sin; agus**

**(iii) go bhfuil sí ina cúis le mórshuaitheadh sóisialta agus/nó eacnamaíoch, nó go bhfuil baol mór ann go mbeidh sí ina cúis leis na nithe sin, lena n-áirítear cur isteach ar thrácht agus ar thrádáil idirnáisiúnta; agus**

**(iv)go n-éilíonn sí gníomhaíocht chomhordaithe idirnáisiúnta atá tapa, cothrom agus feabhsaithe, le cineálacha cur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí;**

(…)

**ciallaíonn 'táirgí sláinte ábhartha' na táirgí sláinte sin a bhfuil gá leo chun freagairt d'éigeandálaí sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta iad, lena n-áirítear éigeandálaí paindéime, táirgí a bhféadfadh cógais, vacsaíní, diagnóisic, feistí leighis, táirgí rialaithe veicteora, trealamh cosanta pearsanta, táirgí dí-éillithe, feistí cúnta, frithnimheanna, teiripí cillbhunaithe agus géinbhunaithe, agus teicneolaíochtaí sláinte eile a bheith san áireamh leo;**

(…)

*Airteagal 2 An cuspóir agus an raon feidhme*

Is iad cuspóir agus raon feidhme na Rialachán seo leathadh idirnáisiúnta galar a chosc, **ullmhú dó,** cosaint a chur ar fáil ina choinne, é a rialú agus freagairt sláinte poiblí a sholáthar ina leith ar bhealaí atá ar cóimhéid le riosca don tsláinte phoiblí agus teoranta don riosca~~do na rioscaí,~~ sin, agus a sheachnaíonn cur isteach neamhriachtanach ar thrácht agus ar thrádáil idirnáisiúnta.

*Airteagal 3 Prionsabail*

Agus na Rialacháin seo á gcur chun feidhme, déanfar dínit, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha daoine a urramú go hiomlán**, agus cuirfear cothromas agus dlúthpháirtíocht chun cinn**.

(…)

*Airteagal 4 Údaráis fhreagracha*

1. Ainmneoidh nó bunóidh gach Stát is Páirtí**, de réir a dhlí agus a chomhthéacs náisiúnta, eintiteas amháin nó dhá eintiteas chun fónamh mar Údarás Náisiúnta IHR agus** mar Phointe Fócais Náisiúnta IHR ~~agus~~**, mar aon leis** na húdaráis atá freagrach laistigh dá dhlínse faoi seach as bearta sláinte a chur chun feidhme faoi na Rialacháin seo.

**1 *bis*. Déanfaidh an tÚdarás Náisiúnta RTS cur chun feidhme na Rialachán seo laistigh de dhlínse an Stáit is Páirtí a chomhordú.**

(…)

**2 *bis*. Déanfaidh na Stáit is Páirtithe bearta chun míreanna 1, 1 *bis* agus 2 den Airteagal seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, a socruithe reachtacha agus/nó riaracháin intíre a choigeartú.**

(…)

4. Cuirfidh na Stáit is Páirtithe sonraí teagmhála a n**Údaráis Náisiúnta IHR agus a** bPointe Fócais Náisiúnta IHR ar fáil do EDS agus cuirfidh EDS sonraí teagmhála Phointí Teagmhála IHR EDS ar fáil do na Stáit is Páirtithe. Déanfar na sonraí teagmhála sin a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach agus déanfar iad a dheimhniú go bliantúil. Cuirfidh EDS **na sonraí teagmhála** ~~Phointí Fócais Náisiúnta IHR a fhaigheann sé de bhun an Airteagail seo~~ ar fáil do na Stáit uile is Páirtithe.

## CUID II — FAISNÉIS AGUS FREAGRACHT SLÁINTE POIBLÍ

### *Airteagal 5 Faireachas*

1. Déanfaidh gach Stát is Páirtí **croí-**~~acmhainneacht~~ **acmhainneachtaí** a fhorbairt, a neartú agus a chothabháil, a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná cúig bliana ó theacht i bhfeidhm na Rialachán seo don Stát sin is Páirtí, chun teagmhais **a chosc,** a bhrath, a mheasúnú, a thuairisciú agus fógra a thabhairt fúthu i gcomhréir leis na Rialacháin seo, mar a shonraítear i g**Cuid A** d’Iarscríbhinn 1.

2 Tar éis an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 2~~, Cuid A~~ d’Iarscríbhinn 1, féadfaidh Stát is Páirtí riachtanas a bhfuil údar leis agus plean gníomhaíochta a agairt os comhair EDS agus ar an gcaoi sin síneadh 2 bhliain a fháil chun an oibleagáid i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh. In imthosca eisceachtúla, agus plean forfheidhmithe nua mar thaca leis, féadfaidh an Stát is Páirtí síneadh breise nach faide ná 2 bhliain a iarraidh ar an Ard-Stiúrthóir a dhéanfaidh an cinneadh, agus comhairle theicniúil ón gCoiste arna bhunú faoi Airteagal 50 (dá ngairtear an ‘Coiste Athbhreithnithe’ anseo feasta) á cur san áireamh. Tar éis na tréimhse a luaitear i mír 1 den Airteagal seo, an Stát is Páirtí a fuair síneadh, tuairisceoidh sé gach bliain do EDS maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i dtreo chur chun feidhme iomláin.

3. Tabharfaidh EDS cúnamh do na Stáit is Páirtithe, arna iarraidh sin dóibh, na **croí-**acmhainneachtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a fhorbairt, a neartú agus a chothabháil.

(…)

*Airteagal 6 Fógra*

1. Déanfaidh gach Stát is Páirtí measúnú ar theagmhais a tharlaíonn laistigh dá chríoch tríd an ionstraim chinnidh in Iarscríbhinn 2 a úsáid. Déanfaidh gach Stát is Páirtí fógra a thabhairt do EDS, tríd an modh cumarsáide is éifeachtúla atá ar fáil, trí bhíthin Pointe Fócais Náisiúnta IHR, agus laistigh de 24 uair an chloig tar éis faisnéis sláinte poiblí a mheasúnú, fógra maidir leis na teagmhais go léir laistigh dá chríoch a d'fhéadfadh a bheith ina n-éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní idirnáisiúnta í de réir na hionstraime cinnidh, chomh maith le haon bheart sláinte a chuirfear i bhfeidhm mar fhreagairt ar na teagmhais sin. Má bhaineann an fógra a fhaigheann EDS le hinniúlacht na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach **nó na heagraíochta nó na n-eagraíochtaí idir-rialtasacha eile**, tabharfaidh EDS, **de bhun mhír 1 d'Airteagal 14,** fógra láithreach don Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach **nó, de réir mar is iomchuí, don eagraíocht nó do na heagraíochtaí idir-rialtasacha inniúla eile**.

(…)

*Airteagal 8 Comhairliúchán*

I gcás teagmhais a tharlaíonn laistigh dá chríoch nach n-éilíonn fógra mar a fhoráiltear in Airteagal 6, go háirithe na teagmhais sin nach bhfuil faisnéis leordhóthanach ar fáil ina leith chun an ionstraim chinnidh a chomhlánú, ~~féadfaidh~~ **ba cheart** do Stát is Páirtí, mar sin féin, EDS a choinneáil ar an eolas trí bhíthin Pointe Fócais Náisiúnta IHR agus dul i gcomhairle le EDS maidir le bearta sláinte iomchuí **go tráthúil**. Déileálfar leis an gcumarsáid sin i gcomhréir le míreanna 2 go 4 d'Airteagal 11. Féadfaidh an Stát is Páirtí ar ina chríoch a tharla an teagmhas cúnamh EDS a iarraidh chun measúnú a dhéanamh ar aon fhianaise eipidéimeolaíoch a gheobhaidh an Stát is Páirtí sin.

(…)

*Airteagal 10 Fíorú*

(…)

3. ~~Nuair a gheobhaidh EDS~~**Ar fhaisnéis a fháil dó**maidir le teagmhas a d'fhéadfadh a bheith ina n-éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní idirnáisiúnta í, déanfaidh ~~sé~~**EDS** comhar leis an Stát is Páirtí i gceist a thairiscint chun measúnú a dhéanamh ar leathadh idirnáisiúnta galar a d'fhéadfadh a bheith ann, ar an gcur isteach féideartha ar thrácht idirnáisiúnta agus ar leordhóthanacht na mbeart rialaithe. Féadfar a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin comhar le heagraíochtaí eile a leagann síos caighdeáin agus an tairiscint chun cúnamh idirnáisiúnta a shlógadh ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt do na húdaráis náisiúnta measúnuithe ar an láthair a dhéanamh agus a chomhordú. Arna iarraidh sin don Stát is Páirtí, soláthróidh EDS faisnéis a thacóidh le tairiscint den sórt sin.

4. Mura nglacfaidh an Stát is Páirtí an tairiscint maidir le comhar, ~~féadfaidh EDS,~~**agus** nuair a thugann méid an riosca don tsláinte phoiblí údar leis, **ba cheart do EDS** an fhaisnéis atá ar fáil dó a chomhroinnt leis na Stáit eile is Páirtithe **maidir leis an teagmhas**, agus sa tráth céanna an Stát is Páirtí a spreagadh chun tairiscint EDS maidir le comhar a ghlacadh, agus tuairimí an Stáit is Páirtí lena mbaineann á gcur san áireamh.

*Airteagal 11 Faisnéis á cur ar fáil ag EDS*

(…)

2. Úsáidfidh EDS faisnéis a fhaightear faoi Airteagail 6 agus 8 agus faoi mhír 2 d’Airteagal 9 chun críocha fíoraithe, measúnaithe agus cúnaimh faoi na Rialacháin seo agus, mura gcomhaontófar a mhalairt leis na Stáit is Páirtithe dá dtagraítear sna forálacha sin, ní chuirfidh sé an fhaisnéis sin ar fáil de ghnáth do Stáit eile is Páirtithe, go dtí:

(a) go cinntear go bhfuil an teagmhas ina éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í**, lena n-áirítear éigeandáil phaindéimeach,** i gcomhréir le hAirteagal 12; nó

(…)

*Airteagal 12 Cinneadh a dhéanamh maidir le héigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í **, lena n-áirítear éigeandáil phaindéimeach***

1. Ar bhonn na faisnéise a fuarthas, go háirithe faisnéis a fuarthas ón Stát **is Páirtí** nó ó na**Stáit is Páirtithe** ar laistigh dá chríoch **nó dá gcríoch** atá teagmhas ag tarlú, cinnfidh an tArd-Stiúrthóir an éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní idirnáisiúnta í teagmhas**, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, éigeandáil phaindéimeach,** i gcomhréir leis na critéir agus an nós imeachta a leagtar amach sna Rialacháin seo.

2. I gcás ina measann an tArd-Stiúrthóir, ar bhonn measúnaithe faoi na Rialacháin seo, go bhfuil éigeandáil sláinte poiblí ar ábhar imní idirnáisiúnta í ag tarlú, rachaidh an tArd-Stiúrthóir i gcomhairle leis an Stát is Páirtí **nó na Stáit is Páirtithe** ina chríoch **nó ina gcríocha** atá an teagmhas **ag tarlú** ~~ag teacht chun cinn~~ a mhéid a bhaineann leis an réamhchinneadh sin. Má tá an tArd-Stiúrthóir agus an Stát is Páirtí **nó na Stáit is Páirtithe** ar aon intinn maidir leis an gcinneadh sin, lorgóidh an tArd-Stiúrthóir, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 49, tuairimí ón gCoiste arna bhunú faoi Airteagal 48 (dá ngairtear an 'Coiste Éigeandála' anseo feasta) maidir le moltaí sealadacha iomchuí.

3. Tar éis an chomhairliúcháin i mír 2 thuas, maidir leis an Ard-Stiúrthóir agus an Stát is Páirtí **nó na Stáit is Páirtithe** ar ina chríoch **nó ina gcríoch** atá an teagmhas **ag tarlú** ~~ag teacht chun cinn~~ mura dtiocfaidh siad ar chomhaontú laistigh de 48 n-uair an chloig an éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní idirnáisiúnta í an teagmhas, déanfar cinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 49.

4. Agus cinneadh á dhéanamh an éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í teagmhas, **lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, éigeandáil phaindéimeach,** déanfaidh an tArd-Stiúrthóir an méid seo a leanas a mheas:

(a) faisnéis arna soláthar ag an Stát is Páirtí **nó ag na Stáit is Páirtithe**;

(…)

**4 *bis*.Má chinneann an tArd-Stiúrthóir gur éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í teagmhas, cinnfidh an tArd-Stiúrthóir freisin, tar éis dó na saincheisteanna i mír 4 a bhreithniú, an éigeandáil phaindéimeach atá san éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í freisin.**

5. Tar éis don Ard-Stiúrthóir **breithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna in bhfomhíreanna (a), (c), (d) agus (e) de mhír 4 den Airteagal seo, agus** tar éis dó dul i gcomhairle leis an Stát is Páirtí **nó na Stáit is Páirtithe** ar laistigh dá chríoch **nó dá gcríoch** ~~an~~ atá éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í **, lena n-áirítear éigeandáil phaindéimeach,** tar éis tarlú, má chinneann an tArd-Stiúrthóir go bhfuil deireadh le héigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í**, lena n-áirítear éigeandáil phaindéimeach,** **toisc nach gcomhlíonann sé an sainmhíniú ábhartha in Airteagal 1 a thuilleadh**, déanfaidh sé cinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 49.

Airteagal *13* *Freagairt sláinte poiblí**, lena n-áirítear rochtain chothrom ar tháirgí sláinte ábhartha***

1. Déanfaidh gach Stát is Páirtí **croí-**~~acmhainneacht~~**acmhainneachtaí** a fhorbairt, a neartú agus a chothabháil, a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 5 bliana ó theacht i bhfeidhm na Rialachán seo don Stát is Páirtí sin, chun rioscaí don tsláinte phoiblí agus éigeandála sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta iad **a chosc, a bhrath agus** freagairt go pras agus go héifeachtach dóibh**, lena n-áirítear éigeandáil phaindéimeach, lena n-áirítear i suíomhanna leochaileacha agus daonnúla,** mar a leagtar amach i g**Cuid A** d'Iarscríbhinn 1. Foilseoidh EDS, i gcomhairle leis na Ballstáit, treoirlínte chun tacú leis na Stáit is Páirtithe **croí-**acmhainneachtaí freagartha sláinte poiblí a fhorbairt.

2. Tar éis an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 2~~, Cuid A~~ d'Iarscríbhinn 1, féadfaidh Stát is Páirtí riachtanas a bhfuil údar leis agus plean gníomhaíochta a agairt os comhair EDS agus ar an gcaoi sin síneadh 2 bhliain a fháil chun an oibleagáid i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh. In imthosca eisceachtúla, agus plean forfheidhmithe nua mar thaca leis, féadfaidh an Stát is Páirtí síneadh breise nach faide ná 2 bhliain a iarraidh ar an Ard-Stiúrthóir a dhéanfaidh an cinneadh, agus comhairle theicniúil ón gCoiste Athbhreithnithe á cur san áireamh. Tar éis na tréimhse a luaitear i mír 1 den Airteagal seo, an Stát is Páirtí a fuair síneadh, tuairisceoidh sé gach bliain do EDS maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i dtreo chur chun feidhme iomláin.

3. Arna iarraidh sin do Stát is Páirtí **nó tar éis dó glacadh le tairiscint ó EDS**, comhoibreoidh EDS maidir leis an bhfreagairt ar rioscaí don tsláinte phoiblí agus ar theagmhais ~~eile~~ trí threoraíocht agus cúnamh teicniúil a sholáthar agus trí mheasúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart rialaithe atá i bhfeidhm, lena n-áirítear foirne idirnáisiúnta saineolaithe a shlógadh le haghaidh cúnamh ar an láthair, nuair is gá.

4. Agus EDS i gcomhairle leis ~~na Stáit is Páirtithe~~ **an Stát is Páirtí nó na Stáit is Páirtithe** lena mbaineann mar a fhoráiltear in Airteagal 12, má chinneann sé go bhfuil éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í**, lena n-áirítear éigeandáil phaindéimeach,** ag tarlú, féadfaidh sé níos mó cúnaimh a tairiscint don Stát **is Páirtí** nó na Stáit **is Páirtithe**, sa bhreis ar an tacaíocht a léirítear i mír 3 den Airteagal seo, lena n-áirítear measúnú ar dhéine an riosca idirnáisiúnta agus ar leordhóthanacht na mbeart rialaithe. Féadfar a áireamh ar an gcomhar sin an tairiscint chun cúnamh idirnáisiúnta a shlógadh chun tacú leis na húdaráis náisiúnta measúnuithe ar an láthair a dhéanamh agus a chomhordú. Arna iarraidh sin don Stát is Páirtí, soláthróidh EDS faisnéis a thacóidh le tairiscint den sórt sin.

(…)

6. Nuair a iarrtar air, cuirfidh EDS treoir agus cúnamh iomchuí ar fáil do Stáit eile is Páirtithe a ndéanann an éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í difear dóibh nó atá faoi bhagairt aici, **, lena n-áirítear éigeandáil phaindéimeach**.

7. **Tacóidh EDS leis na Stáit is Páirtithe, arna iarraidh sin dóibh nó tar éis dóibh glacadh le tairiscint ó EDS, agus comhordóidh sé gníomhaíochtaí freagartha idirnáisiúnta le linn éigeandálaí sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta iad, lena n-áirítear éigeandálaí paindéime, tar éis a gcinnidh de bhun Airteagal 12 de na Rialacháin seo.**

**8. Éascóidh EDS rochtain thráthúil chothrom ag Stáit is Páirtithe ar tháirgí sláinte ábhartha, agus oibreoidh sé chun deireadh a chur le bacainní ar an rochtain sin, tar éis éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í a chinneadh agus le linn na héigeandála sin, lena n-áirítear éigeandáil phaindéimeach, bunaithe ar rioscaí agus riachtanais sláinte poiblí. Chuige sin, déanfaidh an tArd-Stiúrthóir an méid seo a leanas:**

**(a) measúnuithe a dhéanamh ar na riachtanais sláinte poiblí, agus iad a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil, chomh maith le measúnaithe ar infhaighteacht agus inrochtaineacht, lena n-áirítear inacmhainneacht, ar tháirgí sláinte ábhartha le haghaidh na freagartha sláinte poiblí; na measúnuithe sin a fhoilsiú; agus na measúnuithe atá ar fáil a bhreithniú agus moltaí á n-eisiúint, á modhnú, á leathnú nó á bhfoirceannadh de bhun Airteagail 15, 16, 17, 18, agus 49 de na Rialacháin seo;**

**(b) bainfidh sé úsáid as sásra/sásraí arna gcomhordú ag EDS, nó bunú na sásraí sin a éascú, i gcomhairle leis na Stáit is Páirtithe, de réir mar is gá, agus comhordú a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, le sásraí agus líonraí eile leithdháilte agus dáileacháin lena n-éascaítear rochtain thráthúil chothrom ar tháirgí sláinte ábhartha bunaithe ar riachtanais sláinte poiblí;**

**(c) tacú leis na Stáit is Páirtithe, arna iarraidh sin dóibh, táirgeadh táirgí sláinte ábhartha a uas-scálú agus a éagsúlú go geografach, de réir mar is iomchuí, trí bhíthin líonraí agus sásraí ábhartha eile arna gcomhordú ag EDS, faoi réir Airteagal 2 de na Rialacháin seo, agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta ábhartha;**

(d) an sainchomhad táirge a bhaineann le táirge sláinte ábhartha ar leith a chomhroinnt le Stát is Páirtí, arna iarraidh sin dó, de réir mar a chuir an monaróir ar fáil do EDS é lena cheadú agus i gcás inar thoiligh an monaróir leis sin, laistigh de 30 lá ón iarraidh sin a fháil, chun meastóireacht rialála agus údarú rialála ón Stát is Páirtí a éascú; agus

(e) tacú leis na Stáit is Páirtithe, arna iarraidh sin dóibh, agus, de réir mar is iomchuí, trí líonraí agus sásraí ábhartha arna gcomhordú ag EDS agus trí líonraí agus sásraí eile, de bhun fhomhír 8(c) den Airteagal seo, chun taighde agus forbairt a chur chun cinn agus táirgeadh áitiúil táirgí sláinte ábhartha atá ar ardchaighdeán, sábháilte agus éifeachtach a neartú, agus bearta eile a éascú atá ábhartha do chur chun feidhme iomlán na forála seo.

9. De bhun mhír 5 den Airteagal seo agus mhír 1 d’Airteagal 44 de na Rialacháin seo, agus arna iarraidh sin do Stáit eile is Páirtithe nó do EDS, gabhfaidh na Stáit is Páirtithe orthu féin, faoi réir an dlí is infheidhme agus na n-acmhainní atá ar fáil, comhoibriú le chéile agus cúnamh a thabhairt dá chéile agus tacú le gníomhaíochtaí freagartha arna gcomhordú ag EDS, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) tacú le EDS na gníomhaíochtaí a leagtar amach san Airteagal seo a chur chun feidhme;

(b) dul i mbun rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara ábhartha atá ag feidhmiú ina ndlínsí faoi seach agus iad a spreagadh chun rochtain chothrom ar tháirgí sláinte ábhartha a éascú chun freagairt d’éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní idirnáisiúnta í, lena n-áirítear éigeandáil phaindéime; agus

**(c) téarmaí ábhartha a gcomhaontuithe maidir le taighde agus forbartha a chur ar fáil, de réir mar is iomchuí, le haghaidh táirgí sláinte ábhartha a bhaineann le rochtain chothrom ar na táirgí sin a chur chun cinn le linn éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í, lena n-áirítear éigeandáil phaindéimeach.**

(…)

**CUID III – Moltaí**

*Airteagal 15 Moltaí sealadacha*

1. Má chinntear i gcomhréir le hAirteagal 12 go bhfuil éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í ag tarlú**, lena n-áirítear éigeandáil phaindéimeach,** eiseoidh an tArd-Stiúrthóir moltaí sealadacha i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 49. Féadfar moltaí sealadacha den sórt sin a mhodhnú nó síneadh a chur leo de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear tar éis a chinneadh go bhfuil deireadh tagtha le héigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í**, lena n-áirítear éigeandáil phaindéimeach,** agus féadfar moltaí sealadacha eile a eisiúint an tráth sin de réir mar is gá chun atarlú na héigeandála a chosc nó a bhrath go pras.

2. Féadfar a áireamh ar na moltaí sealadacha bearta sláinte atá le cur i bhfeidhm ag an Stát is Páirtí **na Stáit is Páirtithe** a bhfuil an éigeandáil sláinte phoiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í, **lena n-áirítear éigeandáil phaindéimeach,** ag déanamh difear dó nó dóibh, nó ag Stáit eile is Páirtithe, maidir le daoine, bagáiste, lasta, coimeádáin, gléasanna iompair, earraí**, lena n-áirítear táirgí sláinte ábhartha,** agus/nó beartáin phoist chun leathadh idirnáisiúnta galar a chosc nó a laghdú agus chun cur isteach neamhriachtanach ar thrácht idirnáisiúnta a sheachaint.

**2 *bis*. Agus eisiúint, modhnú nó síneadh buanmholtaí á gcur in iúl do na Stáit is Páirtithe, ba cheart don Ard-Stiúrthóir faisnéis atá ar fáil a sholáthar maidir le haon sásra nó sásraí atá comhordaithe ag EDS a bhaineann le rochtain ar tháirgí sláinte ábhartha agus lena leithdháileadh, agus maidir le haon sásraí agus líonraí eile leithdháilte agus dáileacháin.**

3. Féadfar moltaí sealadacha a fhoirceannadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 49 tráth ar bith agus rachaidh siad in éag go huathoibríoch 3 mhí tar éis a n-eisiúna. Féadfar iad a mhodhnú nó síneadh a chur leo ar feadh tréimhsí breise suas le 3 mhí. Ní fhéadfaidh moltaí sealadacha leanúint ar aghaidh níos faide ná an dara Comhthionól Domhanda Sláinte tar éis an éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í a chinneadh**, lena n-áirítear éigeandáil phaindéimeach,** lena mbaineann siad.

*Airteagal 16 Buanmholtaí*

1. Féadfaidh EDS buanmholtaí a dhéanamh de bhearta sláinte iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 53 lena gcur i bhfeidhm go tráthrialta nó go tréimhsiúil. Féadfaidh Stáit is Páirtithe na bearta sin a chur i bhfeidhm maidir le daoine, bagáiste, lasta, coimeádáin, córacha iompair, earraí **, lena n-áirítear táirgí sláinte ábhartha,** agus/nó beartáin phoist le haghaidh rioscaí sonracha leanúnacha don tsláinte phoiblí chun leathadh idirnáisiúnta galar a chosc nó a laghdú agus chun cur isteach neamhriachtanach ar thrácht idirnáisiúnta a sheachaint. Féadfaidh EDS, i gcomhréir le hAirteagal 53, moltaí den sórt sin a mhodhnú nó a fhoirceannadh, de réir mar is iomchuí.

**2 Agus eisiúint, modhnú nó síneadh buanmholtaí á gcur in iúl do na Stáit is Páirtithe, ba cheart don Ard-Stiúrthóir faisnéis atá ar fáil a sholáthar maidir le haon sásra nó sásraí atá comhordaithe ag EDS a bhaineann le rochtain ar tháirgí sláinte ábhartha agus lena leithdháileadh, agus maidir le haon sásraí agus líonraí eile leithdháilte agus dáileacháin.**

*Airteagal 17 Critéir maidir le moltaí*

Agus moltaí sealadacha nó buana á n-eisiúint, á modhnú nó á bhfoirceannadh aige, breithneoidh an tArd-Stiúrthóir an méid seo a leanas:

(…)

**(d *bis*) infhaighteacht agus inrochtaineacht táirgí sláinte ábhartha;**

(…)

*Airteagal 18 Moltaí maidir le daoine, bagáiste, lasta, coimeádáin, gléasanna iompair, earraí agus beartáin phoist*

(…)

**3. Sna moltaí arna n-eisiúint ag EDS do Stáit is Páirtithe cuirfear san áireamh an gá atá leis an méid seo a leanas a dhéanamh, de réir mar is iomchuí:**

**(a) taisteal idirnáisiúnta a éascú, go háirithe d'oibrithe sláinte agus cúraim agus do dhaoine atá i suíomhanna atá bagrach don bheatha nó i suíomhanna daonnúla. Ní dochar an fhoráil seo d'Airteagal 23 de na Rialacháin seo; agus**

**(b) slabhraí soláthair idirnáisiúnta a choinneáil ar bun, lena n-áirítear le haghaidh táirgí sláinte agus soláthairtí bia ábhartha.**

## CUID IV - POINTÍ IONTRÁLA

*Airteagal 19 Oibleagáidí ginearálta*

Áiritheoidh gach Stát is Páirtí, chomh maith le na n-oibleagáidí eile dá bhforáiltear faoi na Rialacháin seo:

(a) go bhforbrófar na **croí-**acmhainneachtaí a leagtar amach i g**Cuid B d'Iarscríbhinn 1** le haghaidh pointí iontrála ainmnithe laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear i mír 1 d'Airteagal 5 agus i mír 1 d'Airteagal 13;

(…)

*Airteagal 20 Aerfoirt agus calafoirt*

1. Ainmneoidh na Stáit is Páirtithe na haerfoirt agus na calafoirt a fhorbróidh na **croí-**acmhainneachtaí dá bhforáiltear i g**Cuid B** Cuid B d'Iarscríbhinn 1.

(…)

*Airteagal 21 Crosairí Talún*

1. I gcás ina bhfuil údar leis ar chúiseanna sláinte poiblí, féadfaidh Stát is Páirtí crosairí talún a ainmniú lena bhforbrófar na **croí-**acmhainneachtaí dá bhforáiltear i g**Cuid B** d'Iarscríbhinn 1, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(…)

2. Ba cheart do Stáit is Páirtithe a bhfuil comhtheorainneacha acu an méid seo a leanas a mheas:

(…)

(b) comhainmniú crosairí talún cóngaracha do na **croí-**acmhainneachtaí i g**Cuid B** d'Iarscríbhinn 1 i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

(…)

## CUID V – BEARTA SLÁINTE POIBLÍ

### Caibidil I – Forálacha ginearálta

*Airteagal 23 Bearta sláinte ar theacht isteach agus ar imeacht*

1. Faoi réir na gcomhaontuithe idirnáisiúnta is infheidhme agus na n-airteagal iomchuí de na Rialacháin seo, féadfaidh Stát is Páirtí a cheangal chun críocha sláinte poiblí, ar theacht isteach nó ar imeacht:

(a) a mhéid a bhaineann le taistealaithe:

(…)

(iii) scrúdú leighis neamhionrach arb é an scrúdú is lú cur isteach a bhainfeadh cuspóir na sláinte poiblí amach; **agus**

(b) bagáiste, lasta, coimeádáin, gléasanna iompair, earraí, beartáin phoist agus taisí daoine a iniúchadh.

(…)

Caibidil II – Forálacha speisialta maidir le gléasanna iompair agus le hoibreoirí gléis iompair

*Airteagal 24 Oibreoirí in earnáil an iompair*

1. Déanfaidh na Stáit is Páirtithe gach beart is féidir i gcomhréir leis na Rialacháin seo chun an méid seo a áirithiú maidir leis na hoibreoirí in earnáil an iompair:

(a) go gcomhlíontar na bearta sláinte a mhol EDS agus a ghlac an Stát is Páirtí**, lena n-áirítear na bearta sin a chur i bhfeidhm ar bord agus le linn bordála agus díbhordála**;

(b) go gcuirtear taistealaithe ar an eolas maidir leis na bearta sláinte a mhol EDS agus a ghlac an Stát is Páirtí**, lena n-áirítear** na bearta sin a chur i bhfeidhm ar bord **agus le linn bordála agus díbhordála**; agus

(…)

*Airteagal 27 Na gléasanna iompair a ndéanfar difear dóibh*

1. (…)

Féadfaidh an t-údarás inniúil bearta breise sláinte a chur chun feidhme, lena n-áirítear na gléasanna iompair a leithlisiú **agus a chur i gcoraintín** , de réir mar is gá, chun leathadh an ghalair a chosc. Ba cheart bearta breise den sórt sin a thuairisciú do Phointe Fócasach Náisiúnta IHR.

(…)

*Airteagal 28 Longa agus aerárthaí ag pointí iontrála*

(…)

3. I gcás inarb indéanta agus faoi réir mhír 2 ~~roimhe seo~~**den Airteagal seo**, údaróidh Stát is Páirtí cead isteach a dheonú trí chumarsáid raidió nó trí mhodh cumarsáide eile do long nó d'aerárthach nuair is é tuairim an Stáit is Páirtí, ar bhonn faisnéise a fuarthas uaidh roimh theacht don long nó don aerárthach, nach dtabharfar galar isteach nó nach leathfar galar mar thoradh ar theacht isteach na loinge nó an aerárthaigh sin.

(…)

**CUID VI – DOICIMÉID SLÁINTE**

*Airteagal 35 Rialacha ginearálta*

(…)

**2. Na doiciméid sláinte dá bhforáiltear sa Rialachán seo, féadfar iad a eisiúint i bhformáid neamhdhigiteach nó i bhformáid dhigiteach, faoi réir oibleagáidí aon Stáit is Páirtí a eascraíonn as comhaontuithe idirnáisiúnta eile maidir le formáid doiciméad den sórt sin.**

**3. Gan beann ar an bhformáid inar eisíodh doiciméid sláinte faoi na Rialacháin seo, beidh na doiciméid sláinte sin i gcomhréir leis na hIarscríbhinní, dá dtagraítear in Airteagail 36 go 39, de réir mar is infheidhme, agus beidh a mbarántúlacht infhionnta.**

**4. Déanfaidh EDS, i gcomhairle leis na Stáit is Páirtithe, treoraíocht theicniúil a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta, de réir mar is gá, lena n-áirítear sonraíochtaí nó caighdeáin a bhaineann le heisiúint agus fionnadh bharántúlacht doiciméad sláinte, i bhformáid dhigiteach agus i bhformáid neamhdhigiteach araon. Beidh sonraíochtaí nó caighdeáin den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal 45 maidir le láimhseáil sonraí pearsanta.**

(…)

*Airteagal 37 Dearbhú Sláinte ~~Muirí~~ na Loinge*

1. Sula sroichfidh long a céad chalafort cuarda i gcríoch Stáit is Páirtí, déanfaidh máistir na loinge sin an staid sláinte ar bord a fhionnadh, agus, ach amháin i gcás nach n-éileoidh an Stát is Páirtí sin, ar theacht don soitheach nó roimh theacht don soitheach má tá an soitheach feistithe amhlaidh agus má éilíonn an Stát is Páirtí an réamhsheachadadh sin, déanfaidh an máistir Dearbhú Sláinte ~~Muirí~~**na Loinge** a chomhlánú agus a sheachadadh ar údarás inniúil an chalafoirt sin**,** agus déanfaidh máinlia na loinge, má tá máinlia ar bord, an dearbhú sin a chomhshíniú.

(…)

3. Beidh Dearbhú Sláinte ~~Muirí~~ **na Loinge** i gcomhréir leis an dearbhú caighdeánach dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 8.

4. Féadfaidh Stát is Páirtí an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) Dearbhú Sláinte na **Loinge** ~~Muirí~~ a chuirtear ar fáil, a ligean ar ceal do gach long a thagann isteach; nó

(b) a éileamh go gcuirtear ar fáil Dearbhú Sláinte na **Loinge** ~~Muirí~~ nuair a mholtar go ndéanfaí amhlaidh i gcás long a thagann ó limistéir atá buailte, nó a éileamh go gcuirtear ar fáil é i gcás long a d'fhéadfadh sé, ar údar eile, go bhfuil ionfhabhtú nó éilliú á n-iompar acu.

(…)

## CUID VIII - FORÁLACHA GINEARÁLTA

(…)

*Airteagal 43 Bearta sláinte breise*

(…)

7. Gan dochar dá chearta faoi Airteagal 56, aon Stát is Páirtí a mbeidh tionchar ag beart arna ghlacadh de bhun mhír 1 nó mhír 2 den Airteagal seo air, féadfaidh sé a iarraidh ar an Stát is Páirtí a bheidh ag cur beart den sórt sin chun feidhme dul i gcomhairle leis, **, go díreach nó tríd an Ard-Stiúrthóir, agus féadfaidh an Stát sin comhairliúcháin idir na Stáit is Páirtithe lena mbaineann a éascú freisin**. Is é is cuspóir do chomhairliúcháin den sórt sin an fhaisnéis eolaíoch agus an réasúnaíocht sláinte poiblí is bonn leis an mbeart a shoiléiriú agus teacht ar réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach. **Mura gcomhaontófar a mhalairt leis na Stáit is Páirtithe a bhfuil baint acu leis an gcomhairliúchán, ní mór faisnéis a chomhroinnfear le linn an chomhairliúcháin a choinneáil faoi rún.**

(…)

*Airteagal 44 Comhar ~~agus~~**,** cúnamh **agus maoiniú***

1. Gabhann na Stáit is Páirtithe orthu féin comhoibriú le chéile, a mhéid is féidir, maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) brath agus measúnú teagmhas, **ullmhacht dóibh** agus freagairt dóibh, ~~,~~ mar a fhoráiltear faoi na Rialacháin seo;

(b) comhar teicniúil agus tacaíocht lóistíochta a sholáthar nó a éascú, go háirithe maidir leis na **croí-**acmhainneachtaí ~~sláinte poiblí~~ a cheanglaítear faoi **Iarscríbhinn 1** a ghabhann leis na Rialacháin seo a fhorbairt, a neartú agus a chothabháil;

(c) leas a bhaint as acmhainní airgeadais**, lena n-áirítear trí fhoinsí ábhartha agus trí shásraí cistiúcháin** chun cur chun feidhme a n-oibleagáidí faoi na Rialacháin seo a éascú**, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na dtíortha i mbéal forbartha**; **agus**

(…)

2. Comhoibreoidh EDS leis na Stáit is Páirtithe **, agus cuideoidh sé leo** arna iarraidh sin **dóibh**, a mhéid is féidir, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar a **gcroí-** inniúlachtaí ~~sláinte poiblí~~ chun cur chun feidhme éifeachtach na Rialachán seo a éascú;

(b) comhar teicniúil agus tacaíocht lóistíochta a sholáthar nó a éascú do Stáit is Páirtithe; ~~agus~~

(c) acmhainní airgeadais a shlógadh chun tacú le tíortha atá i mbéal forbartha na **croí-**acmhainneachtaí dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 1 ~~, a thógáil~~ **a fhorbairt,** a neartú agus a chothabháil; **agus**

**(d) rochtain ar tháirgí sláinte ábhartha a éascú, i gcomhréir le mír 8 d'Airteagal 13.**

**2bis. Déanfaidh na Stáit is Páirtithe, faoi réir an dlí is infheidhme agus na n-acmhainní atá ar fáil, cistiú intíre a choinneáil ar bun nó a mhéadú, de réir mar is gá, agus comhoibreoidh siad, lena n-áirítear trí chomhar agus cúnamh idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, chun maoiniú inbhuanaithe a neartú chun tacú le cur chun feidhme na Rialachán seo.**

**2ter. De bhun fhomhír (c) de mhír 1 den Airteagal seo, gabhfaidh na Stáit is Páirtithe orthu féin comhoibriú, a mhéid is féidir, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:**

**(a) rialachas agus samhlacha oibriúcháin na n-eintiteas maoiniúcháin agus na sásraí cistiúcháin atá ann cheana a spreagadh le bheith ionadaíoch agus freagrúil ar bhonn réigiúnach maidir le riachtanais agus tosaíochtaí náisiúnta na dtíortha i mbéal forbartha agus na Rialacháin seo á gcur chun feidhme;**

**(b) rochtain ar acmhainní airgeadais a shainaithint agus a chumasú, lena n-áirítear tríd an Sásra Comhordúcháin Airgeadais, arna bhunú de bhun Airteagal 44 *bis*, a bhfuil gá leis chun aghaidh a thabhairt go cothrom ar riachtanais agus ar thosaíochtaí tíortha i mbéal forbartha, lena n-áirítear chun croí-acmhainneachtaí a fhorbairt, a neartú agus a chothabháil.**

**2quater. Tacóidh an tArd-Stiúrthóir leis an obair chomhair i mír 2 *bis* den Airteagal seo, de réir mar is iomchuí. Tuairisceoidh Stáit is Páirtithe agus an tArd-Stiúrthóir ar a thorthaí mar chuid den tuairisciú don Chomhthionól Sláinte.**

(…)

*Airteagal 44 bis Sásra Comhordúcháin Airgeadais*

**1. Bunaítear leis seo Sásra Comhordúcháin Airgeadais (dá ngairtear 'an Sásra' anseo feasta) chun an méid seo a leanas a dhéanamh:**

**(a) soláthar maoinithe thráthúil, intuartha agus inbhuanaithe a chur chun cinn chun na Rialacháin seo a chur chun feidhme ar mhaithe le croí-acmhainneachtaí a fhorbairt, a neartú agus a chothabháil mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis na Rialacháin seo, lena n-áirítear iad siúd atá ábhartha d'éigeandálaí paindéime;**

**(b) féachaint leis an maoiniú is mó is féidir a chur ar fáil le haghaidh riachtanais agus tosaíochtaí cur chun feidhme na Stát is Páirtithe, go háirithe tíortha i mbéal forbartha; agus**

**(c) oibriú chun acmhainní airgeadais nua agus breise a shlógadh, agus úsáid éifeachtúil na n-ionstraimí maoinithe atá ann cheana a mhéadú, ar ionstraimí iad atá ábhartha do chur chun feidhme éifeachtach na Rialachán seo.**

**2. Chun tacú leis na cuspóirí a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, déanfar an méid seo a leanas leis an Sásra, inter alia:**

**(a) anailísí ábhartha maidir le riachtanais agus le bearnaí cistiúcháin a úsáid nó a dhéanamh;**

**(b) comhchuibhiú, comhleanúnachas agus comhordú na n-ionstraimí maoinithe atá ann cheana a chur chun cinn;**

**(c) gach foinse maoinithe atá ar fáil le haghaidh tacaíocht cur chun feidhme a shainaithint agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil do na Stáit is Páirtithe;**

**(d) comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil, arna iarraidh sin dóibh, do Stáit is Páirtithe chun acmhainní airgeadais a shainaithint agus iarratas a dhéanamh orthu chun croí-acmhainneachtaí a neartú, lena n-áirítear iad siúd atá ábhartha d'éigeandálaí paindéime; agus**

**(e) ranníocaíochtaí airgeadaíochta deonacha a ghiaráil d'eagraíochtaí agus d'eintitis eile a thacaíonn le Stáit is Páirtithe chun a gcroí-acmhainneachtaí a fhorbairt, a neartú agus a chothabháil, lena n-áirítear iad siúd atá ábhartha d'éigeandálaí paindéime.**

**3. Feidhmeoidh an Sásra, i ndáil le cur chun feidhme na Rialachán seo, faoi údarás agus faoi threoir an Tionóil Sláinte agus beidh sé cuntasach dó.**

*Airteagal 45 Déileáil le sonraí pearsanta*

(…)

2. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh Stáit is Páirtithe sonraí pearsanta **a phróiseáil agus** a nochtadh ~~agus a phróiseáil~~ i gcás ina bhfuil sé fíor-riachtanach chun measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar riosca don tsláinte phoiblí, ach ní mór do Stáit is Páirtithe, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus do EDS an méid seo a leanas a áirithiú maidir leis na sonraí pearsanta:

(…)

## CUID IX – UAINCHLÁR SAINEOLAITHE IHR, AN COISTE ÉIGEANDÁLA AGUS AN COISTE ATHBHREITHNITHE

(…)

### Caibidil II – An Coiste Éigeandála

*Airteagal 48 Téarmaí tagartha agus comhdhéanamh*

1. Bunóidh an tArd-Stiúrthóir Coiste Éigeandála a thabharfaidh a thuairimí, arna iarraidh sin don Ard-Stiúrthóir, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) cé acu atá nó nach bhfuil imeacht ina éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í, **, lena n-áirítear éigeandáil phaindéimeach**;

(b) éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í a fhoirceannadh**, lena n-áirítear**

**éigeandáil phaindéimeach**; agus

(…)

**1 *bis* Measfar gur coiste saineolaithe é an Coiste Éigeandála agus beidh sé faoi réir Rialacháin Phainéal Comhairleach EDS, mura bhforáiltear a mhalairt san Airteagal seo.**

2. Beidh an Coiste Éigeandála comhdhéanta de shaineolaithe arna roghnú ag an Ard-Stiúrthóir ó Uainchlár Saineolaithe IHR agus, nuair is iomchuí, de phainéil chomhairleacha saineolaithe eile de chuid na hEagraíochta. Cinnfidh an tArd-Stiúrthóir fad na ballraíochta d'fhonn a leanúnachas a áirithiú agus teagmhas sonrach agus a iarmhairtí á mbreithniú. Roghnóidh an tArd-Stiúrthóir comhaltaí an Choiste Éigeandála ar bhonn an tsaineolais agus na taithí is gá d'aon seisiún ar leith agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail na hionadaíochta cothroime geografaí. I measc ~~aon chomhalta amháin ar a laghad~~ **Chomhaltaí** an Choiste Éigeandála ~~a bheith ina~~ **ba cheart go n-áiritheofaí ar a laghad aon** saineolaí amháin arna ainmniú ag an~~a~~ Stát is Páirtí**nó na Stáit is Páirtithe** ar laistigh dá chríoch nó dá gcríoch atá an teagmhas ~~ag teacht chun cinn~~ **ag tarlú**.

(…)

*Airteagal 49 Nós imeachta*

(…)

4. Tabharfaidh an tArd-Stiúrthóir cuireadh don Stát is Páirtí**nó na Stáit is Páirtithe** ar laistigh dá chríoch nó dá gcríoch atá an teagmhas~~ag teacht chun cinn~~ **ag tarlú** a thuairim **nó a dtuairimí** a chur faoi bhráid an Choiste Éigeandála. Chuige sin, tabharfaidh an tArd-Stiúrthóir fógra dó nó dóibh faoi dhátaí agus faoi chlár oibre chruinniú an Choiste Éigeandála agus tabharfaidh sé an oiread réamhfhógra agus is gá. Ní fhéadfaidh an Stát is Páirtí **nó na Stáit is Páirtithe** lena mbaineann, áfach, a iarraidh go gcuirfear cruinniú an Choiste Éigeandála siar ar mhaithe lena thuairimí nó a dtuairimí a chur i láthair.

(…)

6. Cuirfidh an tArd-Stiúrthóir in iúl do **gach** Stát is Páirtí an cinneadh maidir le héigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní idirnáisiúnta í nó maidir le foirceannadh maidir leis an éigeandáil sláinte poiblí sin, **lena n-áirítear éigeandáil phaindéimeach,** maidir le haon bheart sláinte a dhéanann an Stát is Páirtí**nó na Stáit is Páirtithe** lena mbaineann, aon mholadh sealadach **, lena n-áirítear fianaise thacaíochta,** agus modhnú, síneadh nó foirceannadh na moltaí sin, maille le **comhdhéanamh agus** tuairimí an Choiste Éigeandála. Is trí na Stáit is Páirtithe agus trí na gníomhaireachtaí idirnáisiúnta ábhartha a chuirfidh an tArd-Stiúrthóir na hoibreoirí iompair ar an eolas faoi mholtaí sealadacha den sórt sin, lena n-áirítear iad a mhodhnú, síneadh a chur leo nó iad a fhoirceannadh. Ina dhiaidh sin, cuirfidh an tArd-Stiúrthóir an fhaisnéis agus na moltaí sin ar fáil don phobal i gcoitinne.

7. Stáit is Páirtithe ar ina gcríocha a tharla an teagmhas, féadfaidh siad a mholadh don Ard-Stiúrthóir éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í, **, lena n-áirítear éigeandáil phaindéimeach,** agus/nó na moltaí sealadacha a fhoirceannadh, agus féadfaidh siad cur i láthair chuige sin a dhéanamh don Choiste Éigeandála.

Caibidil III – An Coiste Athbhreithnithe

*Airteagal 50 Téarmaí tagartha agus comhdhéanamh*

1. Bunóidh an tArd-Stiúrthóir Coiste Athbhreithnithe, a chomhlíonfaidh na feidhmeanna seo a leanas:

(…)

(b) comhairle theicniúil a chur ar fáil don Ard-Stiúrthóir maidir le buanmholtaí, agus maidir le haon mhodhnú orthu nó maidir lena bhfoirceannadh; **agus**

(c) comhairle theicniúil a thabhairt don Ard-Stiúrthóir maidir le haon ábhar a chuirfidh an tArd-Stiúrthóir faoina bhráid maidir le feidhmiú na Rialachán seo.

(…)

*Airteagal 53 Nósanna imeachta maidir le buanmholtaí*

I gcás ina measann an tArd-Stiúrthóir go bhfuil buanmholadh riachtanach agus iomchuí maidir le riosca sonrach don tsláinte phoiblí, lorgóidh an tArd-Stiúrthóir tuairimí an Choiste Athbhreithnithe. De bhreis ar na míreanna ábhartha d'Airteagail 50 go 52, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(…)

(f) cuirfidh an tArd-Stiúrthóir aon bhuanmholadh in iúl do na Stáit is Páirtithe, chomh maith le modhnuithe nó foirceannadh na moltaí sin, mar aon le tuairimí an Choiste Athbhreithnithe; **agus**

(g) cuirfidh an tArd-Stiúrthóir buanmholtaí faoi bhráid an Chomhthionóil Sláinte ina dhiaidh sin lena mbreithniú.

**CUID X – FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 54 Tuairisciú agus athbhreithniú*

(…)

2. Déanfaidh an Comhthionól Sláinte athbhreithniú tréimhsiúil ar fheidhmiú na Rialachán sin**, lena n-áirítear maoiniú chun iad a chur chun feidhme go héifeachtach**. Chuige sin, féadfaidh sé comhairle a iarraidh ar an gCoiste Athbhreithnithe, tríd an Ard-Stiúrthóir. Déanfar an chéad athbhreithniú sin tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Rialachán seo.

(…)

***Airteagal 54 bis Coiste na Stát is Páirtithe maidir le Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) a Chur Chun Feidhme***

**1. Bunaítear leis seo Coiste na Stát is Páirtithe maidir le Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) a chur chun feidhme chun cur chun feidhme éifeachtach na Rialachán sin, go háirithe Airteagail 44 agus 44 *bis* a éascú. Is de chineál éascaitheach agus comhairleach amháin a bheidh an Coiste agus feidhmeoidh sé ar bhealach neamhshárálach agus neamhphionósach, cúntach agus trédhearcach, agus beidh na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 3 mar threoir di. Chuige sin:**

**(a) beidh sé d'aidhm ag an gCoiste foghlaim, malartú dea-chleachtas agus comhar i measc na Stát is Páirtithe a chur chun cinn agus tacú leo chun na Rialacháin seo a chur chun feidhme go héifeachtach;**

**(b) bunóidh an Coiste Fochoiste chun comhairle theicniúil a sholáthar agus tuairisciú don Choiste.**

**2. Beidh an Coiste comhdhéanta de na Stáit is Páirtithe go léir agus tiocfaidh sé le chéile uair amháin gach dhá bhliain ar a laghad. Is ag an gcéad chruinniú den Choiste agus trí chomhthoil a ghlacfar téarmaí tagartha don Choiste, lena n-áirítear an chaoi a ndéanann an Coiste a ghnó, agus don Fhochoiste.**

**3. Beidh Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach ag an gCoiste, arna dtoghadh ag an gCoiste as measc a chomhaltaí Stáit is Páirtí, a fhónfaidh ar feadh dhá bhliain agus a dhéanfaidh uainíocht ar bhonn réigiúnach.[1]**

**4. Ag a chéad chruinniú agus de chomhthoil glacfaidh an Coiste téarmaí tagartha don Sásra Comhordúcháin Airgeadais, arna bhunú le hAirteagal 44 *bis*, agus módúlachtaí maidir lena oibríochtú agus lena rialachas agus féadfaidh sé socruithe oibre riachtanacha a ghlacadh le comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha, a fhéadfaidh tacú lena oibriú de réir mar is iomchuí.**

(…)

**[1] Chun críocha na forála seo, measfar go mbaineann an Suí Naofa agus Lichtinstéin le Réigiún Eorpach EDS, ar an tuiscint go bhfuil an socrú seo gan dochar dá stádas mar Stáit is Páirtithe sna Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) nach Comhaltaí de EDS iad.**

*IARSCRÍBHINN 1*

~~A. CEANGLAIS CHROÍ-ACMHAINNEACHTAÍ MAIDIR LE FAIREACHAS AGUS FREAGAIRT~~

**CROÍ-ACMHAINNEACHTAÍ**

1. Úsáidfidh na Stáit is Páirtithe na struchtúir agus na hacmhainní náisiúnta atá ann cheana chun a gceanglais maidir le ~~croí-acmhainneacht~~ **croí-acmhainneachtaí** a chomhlíonadh faoi na Rialacháin seo, lena n-áirítear maidir leis an méid seo a leanas:

(a) a ngníomhaíochtaí **coisctheacha,** faireachais, tuairiscithe, fógartha, fíoraithe, **ullmhachta,** freagartha agus comhair; agus

(b) a ngníomhaíochtaí maidir le haerfoirt ainmnithe, calafoirt ainmnithe agus crosairí talún ainmnithe.

2. Laistigh de dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Rialachán seo don Stát sin is Páirtí, déanfaidh gach Stát is Páirtí measúnú ar chumas na struchtúr agus na n-acmhainní náisiúnta atá ann cheana na híoscheanglais a thuairiscítear san Iarscríbhinn seo a chomhlíonadh. Mar thoradh ar an measúnú sin, déanfaidh na Stáit is Páirtithe pleananna gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh na croí-acmhainneachtaí sin ann agus ag feidhmiú ar fud a gcríoch mar a leagtar amach i mír 1 d'Airteagal 5 ~~agus~~**,** i mír 1 d'Airteagal 13 **agus i bhfomhír (a) d'Airteagal 19**.

3. Tacóidh na Stáit is Páirtithe agus EDS le próisis mheasúnaithe, phleanála agus chur chun feidhme faoin Iarscríbhinn seo.

**4. De bhun Airteagal 44, gabhfaidh na Stáit is Páirtithe orthu féin comhoibriú le chéile, a mhéid is féidir, chun croí-acmhainneachtaí a fhorbairt, a neartú agus a chothabháil.**

## A. CEANGLAIS MAIDIR LE CROÍ-ACMHAINNEACHTAÍ LE hAGHAIDH COISC, FAIREACHAIS AGUS FREAGARTHA

**1.** Ar leibhéal an phobail áitiúil agus/nó ar leibhéal na freagartha príomha ar shláinte phoiblí **(dá ngairtear 'an leibhéal áitiúil' anseo feasta), déanfaidh gach Stát is Páirtí na croí-acmhainneachtaí seo a leanas a fhorbairt, a neartú agus a chothabháil:**

~~Na hacmhainneachtaí:~~

(a) teagmhais a bhrath a bhaineann le galar nó bás atá os cionn na leibhéal a bhfuil coinne leo don am áirithe agus don áit áirithe i ngach limistéar laistigh de chríoch an Stáit is Páirtí; ~~agus~~

(b) gach faisnéis riachtanach atá ar fáil a thuairisciú láithreach don leibhéal cuí freagartha cúraim sláinte. Ar leibhéal an phobail, déanfar tuairisciú chuig institiúidí cúraim sláinte pobail áitiúla nó chuig an bpearsanra sláinte iomchuí. Ar an bpríomhleibhéal freagartha sláinte poiblí, déanfar tuairisciú ar an leibhéal freagartha idirmheánach nó ar an leibhéal freagartha náisiúnta, ag brath ar struchtúir eagraíochtúla. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, áirítear an méid seo a leanas le faisnéis riachtanach: tuairiscí cliniciúla, torthaí saotharlainne, foinsí agus cineál riosca, an líon cásanna agus an líon básanna i ndaoine, riochtaí a dhéanann difear do leathadh an ghalair agus na bearta sláinte a úsáidtear; ~~agus~~

(c) **ullmhú le** haghaidh **cur chun feidhme, agus** réamhbhearta rialaithe a chur chun feidhme **láithreach** ~~láithreach.~~**;**

**(d) ullmhú do sholáthar na seirbhísí sláinte is gá chun freagairt do rioscaí agus do theagmhais sláinte poiblí, agus rochtain orthu a éascú; agus**

**(e) ról a thabhairt do pháirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear pobail, maidir le hullmhú do rioscaí agus do theagmhais sláinte poiblí agus freagairt dóibh.**

**2.** Ar na leibhéil idirmheánacha freagartha sláinte poiblí ~~An~~**(dá ngairtear an 'Leibhéal Idirmheánach' anseo feasta), i gcás inarb infheidhme,**[2] **déanfaidh gach Stát is Páirtí (dá ngairtear an 'Leibhéal Idirmheánach' anseo feasta), i gcás inarb infheidhme, na croí-acmhainneachtaí a fhorbairt, a neartú agus a chothabháil**:

(a) stádas na dteagmhas tuairiscithe a dheimhniú agus tacú le bearta rialaithe breise nó iad a chur chun feidhme; ~~agus~~

(b) measúnú a dhéanamh láithreach ar theagmhais thuairiscithe agus, má aimsítear go bhfuil práinn leo, gach faisnéis riachtanach a thuairisciú don leibhéal náisiúnta. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, áirítear ar na critéir le haghaidh teagmhais phráinneacha tionchar tromchúiseach ar an tsláinte phoiblí agus/nó cineál neamhghnách nó neamhthuartha a bhfuil ardacmhainneacht ann go leathfar iad~~.~~**; agus**

**(c) comhordú leis an leibhéal áitiúil agus tacaíocht a thabhairt dó maidir le rioscaí agus teagmhais sláinte poiblí a chosc, ullmhú dóibh agus freagairt dóibh, lena n-áirítear maidir le:**

**(i) faireachas;**

**(ii) imscrúduithe ar an láthair;**

**(iii) diagnóisic saotharlainne, lena n-áirítear samplaí a tharchur;**

**(iv) bearta rialaithe a chur chun feidhme;**

[2] I gcás Stáit is Páirtithe ina bhfuil, mar gheall ar a struchtúr riaracháin, leibhéal Idirmheánach in easnamh nó nach bhfuil sé inaitheanta go soiléir, tuigfear go bhfuil na croí-acmhainneachtaí a liostaítear i bhfomhíreanna (a) go (e) den mhír seo á bhforbairt, á neartú nó á gcothabháil ar an leibhéal Áitiúil nó ar an leibhéal Náisiúnta, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir leis na dlíthe agus leis an gcomhthéacs náisiúnta.

**(v) rochtain ar sheirbhísí sláinte agus ar tháirgí sláinte is gá don fhreagairt;**

**(vi) cumarsáid maidir le rioscaí, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar mhífhaisnéis agus ar bhréagaisnéis; agus**

**(vii) cúnamh lóistíochta (e.g. trealamh, soláthairtí leighis agus soláthairtí ábhartha eile agus iompar);**

**3.** Ar an leibhéal náisiúnta

*Measúnú agus fógra.* ~~An~~**Déanfaidh gach Stát is Páirtí na croí-acmhainneachtaí a fhorbairt, a neartú agus a chothabháil**:

(a) measúnú a dhéanamh ar gach tuairisc ar theagmhais phráinneacha laistigh de 48 n-uair an chloig; agus

(b) fógra a thabhairt láithreach do EDS trí Phointe Fócasach Náisiúnta IHR nuair a léirítear sa mheasúnú go bhfuil an teagmhas infhógartha de bhun mhír 1 d'Airteagal 6 agus Iarscríbhinn 2 agus EDS a chur ar an eolas mar a cheanglaítear de bhun Airteagal 7 agus mhír 2 d'Airteagal 9.

*Freagairt* ***cosc agus ullmhacht*** *sláinte poiblí.* ~~The~~ **Déanfaidh gach Stát is Páirtí na croí-acmhainneachtaí a fhorbairt, a neartú agus a chothabháil** **chun críocha na nithe seo a leanas**:

(a) ~~chun a chinneadh na~~ bearta rialaithe is gá **a chinneadh** go tapa chun leathadh intíre agus idirnáisiúnta a chosc;

(b) ~~tacaíocht a chur ar fáil trí~~ **fhaireachas;**

**(c)** foireann speisialaithe ~~,~~**a imscaradh**;

(d) anailís **saotharlainne** ar shamplaí (ar bhonn intíre nó trí ionaid chomhoibritheacha) ~~agus~~**;**

(e) cúnamh **lóistíochta** (e.g. trealamh, **soláthairtí leighis agus soláthairtí ábhartha** eile agus iompar);

~~(c) soláthar a dhéanamh ar~~ **(f)** cúnamh ar an láthair **a sholáthar** de réir mar is gá chun imscrúduithe áitiúla a fhorlíonadh;

~~(d) soláthar a dhéanamh ar~~ **(g) treoraíocht a fhorbairt agus/nó a scaipeadh maidir le cásanna cliniciúla a bhainistiú agus ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú;**

**(h) rochtain ar sheirbhísí sláinte agus ar tháirgí sláinte is gá don fhreagairt;**

**(i) cumarsáid maidir le rioscaí, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar mhífhaisnéis agus ar bhréagaisnéis;**

**(j)** nasc **oibríochtúil** díreach **a sholáthar** le hoifigigh shinsearacha sláinte agus le hoifigigh eile chun bearta imshrianta agus rialaithe a fhormheas agus a chur chun feidhme go tapa;

~~(e) soláthar a~~ **dhéanamh** ~~ar~~ **(k)** idirchaidreamh díreach **a sholáthar** le haireachtaí rialtais ábhartha eile;

~~(f) soláthar a~~ **dhéanamh** ~~ar~~ **(l)** naisc **a sholáthar**, trí na modhanna cumarsáide is éifeachtúla atá ar fáil, le hospidéil, le clinicí, le haerfoirt, le calafoirt, le crosairí talún, le saotharlanna agus le príomhlimistéir oibríochta eile chun faisnéis agus moltaí a gheofar ó EDS a scaipeadh maidir le teagmhais i gcríoch an Stáit is Páirtí féin agus i gcríocha Stát eile is Páirtithe;

~~(g)~~ plean freagartha náisiúnta i gcás éigeandáil sláinte poiblí **(m) a bhunú, a oibriú agus** a chothabháil lena n-áirítear foirne ildisciplíneacha/ilearnála a chruthú chun freagairt ar theagmhais a d'fhéadfadh a bheith ina n-éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í; ~~agus~~

**(n)** ~~gníomhaíochtaí~~ **a chomhordú go náisiúnta agus tacú le leibhéil Áitiúla agus Idirmheánacha, i gcás inarb infheidhme, maidir le rioscaí agus teagmhais sláinte poiblí a chosc, ullmhú dóibh agus freagairt dóibh; agus**

~~(h) soláthar a dhéanamh ar~~**(o)** an méid sin roimhe seo **a chur ar fáil** ar bhonn 24 uair an chloig.

B. CEANGLAIS MAIDIR LE CROÍ-~~ACMHAINNEACHT~~**ACMHAINNEACHTAÍ** LE hAGHAIDH AERFORT, CALAFORT AGUS CROSAIRÍ TALÚN

1. ~~An~~Déanfaidh gach Stát is Páirtí na croí-acmhainneachtaí a fhorbairt, a neartú agus a chothabháil i gcónaí:

(…)

2. Chun freagairt do theagmhais a d'fhéadfadh a bheith ina n-éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í**, déanfaidh gach Stát is Páirtí na croí-acmhainneachtaí a fhorbairt, a neartú agus a chothabháil:**

~~Na hacmhainneachtaí:~~

(…)

(b) bmeasúnú agus cúram a chur ar fáil do thaistealaithe nó d'ainmhithe atá buailte trí shocruithe a bhunú le saoráidí áitiúla leighis agus tréidliachta **agus saotharlanna,** lena leithlisiú~~,~~ **agus** lena gcóireáil**, le hanailís a dhéanamh ar a samplaí** agus le seirbhísí tacaíochta eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil;

(…).

*IARSCRÍBHINN 2*

**IONSTRAIM UM CHINNEADH MAIDIR LE MEASÚNÚ AGUS FÓGRA A THABHAIRT I NDÁIL LE TEAGMHAIS A D'FHÉADFADH A BHEITH INA N-ÉIGEANDÁIL SLÁINTE POIBLÍ ARB ÁBHAR IMNÍ AR LEIBHÉAL IDIRNÁISIÚNTA Í**

Teagmhais arna mbrath ag an gcóras faireachais náisiúnta (féach Iarscríbhinn 1)

↓ ↓ ↓

Tá cás de na galair seo a leanas neamhghnách nó gan choinne agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith acu ar an tsláinte phoiblí, agus dá bhrí sin tabharfar fógra ina leith:[1,2]

– An Bholgach
– Polaimiailíteas de bharr víreas póilió nó**víris phóilió** ~~de chineál fiáin~~
– Fliú daonna arb é fochineál nua is cúis leis
– Géarshiondróm trom riospráide (SARS).

OR

Aon chás a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar imní idirnáisiúnta don tsláinte phoiblí ~~lena n-áirítear~~**agus** aon chás a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le cúiseanna nó foinsí anaithnide**, go háirithe braislí cásanna de ghéarghalar riospráide nach eol an chúis atá leo nó a bhfuil cúis núíosach leo,** agus cásanna a bhaineann le teagmhais nó galair eile seachas iad siúd a liostaítear sa bhosca ar chlé agus sa bhosca ar dheis, sna cásanna sin ar fad, bainfear úsáid as an algartam.

OR

Mar thoradh ar theagmhas a bhaineann leis na galair seo a leanas, úsáidfear an t-algartam i gcónaí, toisc gur léirigh siad an cumas tionchar tromchúiseach a imirt ar an tsláinte phoiblí agus leathadh go tapa go hidirnáisiúnta:[1 2]

– Calar
– Plá scamhógach
– Fiabhras buí
– Fiabhrais fuilreatha víreasacha (Ebola, Lassa, Marburg)
– Fiabhras na Níle Thiar
– Galair eile a bhfuil imní speisialta náisiúnta nó réigiúnach ag baint leo, e.g. fiabhras deinge, heipitíteas eansótach agus galar meiningeacocúil.

]

(…)

[1] De réir shainmhínithe chás EDS.

**2** Ní úsáidfear an liosta galar ach amháin chun críche na Rialachán seo.

*IARSCRÍBHINN 3*

**DEIMHNIÚ DÍOLÚINE CAIGHDEÁNACH RIALAITHE SLÁINTÍOCHTA LOINGE/DEIMHNIÚ RIALAITHE SLÁINTÍOCHTA LOINGE**

Calafort ........................................................................................................................ Dáta:

Taifeadtar sa Deimhniú seo an chigireacht agus 1) an díolúine ó rialú nó 2) na bearta rialaithe a cuireadh i bhfeidhm

Ainm na loinge nó an árthaigh loingseoireachta intíre……….. Bratach………Uimh. Clárúcháin/ Uimh. IMO ..........

Tráth na cigireachta bhí na boilg gan ualach/ualaithe le..............tonaí...................................lasta

Ainm agus seoladh an oifigigh cigireachta.........................

| **Deimhniú Díolúine Rialála Sláintíochta Loinge** | | | | **Deimhniú Rialála Sláintíochta Loinge** | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Limistéir, [córais agus seirbhísí] ar an ndearnadh cigireacht** | **Fianaise faighte[1]** | **Torthaí ó na samplaí[2]** | **Doiciméid a athbhreithníodh** | **Bearta rialaithe a chuireadh I bhfeidhm** | **Ath-chigireacht dáta** | **Barúlacha maidir leis na coinníollacha a aimsíodh** |
| **Cocús** | | | Loga um leighis | | | |
| **Pantrach** | | | Loga na loinge | | | |
| **Stórais** | | | Eile | | | |
| **Gabhdán/Gabhdáin Lasta** | | | | | | |
| **Ceathrúna:** | | | | | | |
| **- criú** | | | | | | |
| **- oifigigh** | | | | | | |
| **- paisinéirí** | | | | | | |
| **- deic** | | | | | | |
| **Uisce óil** | | | | | | |
| **Camras** | | | | | | |
| **Umair bhallasta** | | | | | | |
| **Dramhaíl sholadach agus mhíochaine** | | | | | | |
| **Uisce bodhar** | | | | | | |
| **Seomra innill** | | | | | | |
| **Saoráidí leighis** | | | | | | |
| **Limistéir eile a shonraítear - féach faoi iamh** | | | | | | |
| **Déan nóta de limistéir nach mbaineann le hábhar, trí N/B a mharcáil.** | | | | | | |

**Ní bhfuarthas aon fhianaise. Tá an long/an t-árthach díolmhaithe ó bhearta rialaithe.** **Cuireadh na bearta rialaithe a léirítear i bhfeidhm ar an dáta thíos.**

**Ainm agus teideal an oifigigh eisiúna.** .............................................. **Síniú agus séala** ....................................... **Dáta.** .............................

**[1] (a) Fianaise ar ionfhabhtú nó éilliú, lena n-áirítear: veicteoirí ag gach céim fáis; taiscumair ainmhithe le haghaidh veicteoirí; creimirí nó speicis eile a d'fhéadfadh galair an duine, rioscaí micribhitheolaíocha, ceimiceacha agus rioscaí eile do shláinte an duine a iompar; comharthaí go bhfuil bearta sláintíochta uireasacha ann. (b) Faisnéis maidir le haon chásanna i ndaoine (le cur san áireamh i nDearbhú Sláinte ~~Muirí~~**na Loinge**).**

**[2] Torthaí ó shamplaí a tógadh ar bord. Anailís le cur ar fáil do mháistir loinge ar an modh is caoithiúla agus, más gá athchigireacht a dhéanamh, go dtí an chéad chalafort cuarda iomchuí eile i gcomhthráth leis an dáta ath-chigireachta a shonraítear sa deimhniú seo.**

**Tá Deimhnithe Díolúine Rialaithe Sláintíochta agus Deimhnithe Rialaithe Sláintíochta bailí ar feadh sé mhí ar a mhéad, ach féadfar síneadh míosa a chur leis an tréimhse bhailíochta mura féidir cigireacht a dhéanamh ag an gcalafort agus mura bhfuil aon fhianaise ann go bhfuil ionfhabhtú nó éilliú ann.**

IATÁN LEIS AN DEIMHNIÚ DÍOLÚINE CAIGHDEÁNACH RIALAITHE SLÁINTÍOCHTA LOINGE/DEIMHNIÚ RIALAITHE SLÁINTÍOCHTA LOINGE

(…)

*IARSCRÍBHINN 4*

**CEANGLAIS THEICNIÚLA A BHAINEANN LE IOMPAIR AGUS OIBREOIRÍ IN EARNÁIL AN IOMPAIR**

Roinn A Oibreoirí in earnáil an iompair

1. Déanfaidh oibreoirí in earnáil an iompair **, de réir mar is iomchuí** , an méid seo a leanas a ullmhú agus a éascú:

(a) cigireachtaí ar an lasta, ar na coimeádáin agus ar an modh iompair;

(b) scrúduithe leighis ar dhaoine ar bord;

(c) bearta sláinte eile a chur i bhfeidhm faoi na Rialacháin seo, **, lena n-áirítear ar bord agus le linn bordála agus díbhordála**; agus

(d) faisnéis iomchuí sláinte poiblí a sholáthar arna iarraidh sin don Stát is Páirtí.

2. Cuirfidh oibreoirí in earnáil an iompair ar fáil don údarás inniúil Deimhniú Díolúine Caighdeánach Rialaithe Sláintíochta Loinge atá bailí nó Deimhniú Rialaithe Sláintíochta Loinge nó Dearbhú Sláinte ~~Muirí~~**na Loinge** , nó an chuid de Dhearbhú Ginearálta Aerárthaigh a bhaineann le cúrsaí Sláinte mar a cheanglaítear leis na Rialacháin seo.

(…)

*IARSCRÍBHINN 6*

## DEIMHNITHE MAIDIR LE VACSAÍNIÚ AGUS PROIFIOLACSAS AGUS DEIMHNITHE GAOLMHARA

(…)

4. Ní mór deimhnithe **faoin Iarscríbhinn seo a eisítear i bhformáid neamhdhigiteach** a bheith sínithe ~~de láimh~~ **ag** an gcliniceoir, a bheidh ina liachleachtóir nó oibrí sláinte údaraithe eile ~~,~~ a dhéanann maoirseacht ar thabhairt na vacsaíne nó an phróifiolacsais. Ní mór stampa oifigiúil an Lárionaid tabhartha a bheith ar~~an~~ **dheimhniú den sórt sin** **nó ar dheimhnithe den sórt sin** freisin; ní ghlacfar leis sin in ionad an tsínithe, áfach. **Gan beann ar an bhformáid inar eisíodh iad, ní mór ainm an chliniceora a dhéanann maoirseacht ar thabhairt na vacsaíne nó an phróifiolacsais a bheith ar dheimhnithe, nó ainm an údaráis ábhartha atá freagrach as an deimhniú a eisiúint nó as maoirseacht a dhéanamh ar an lárionad tabhartha.**

(…)

8. **Maidir le deimhnithe faoin Iarscríbhinn seo a eisítear i bhformáid neamhdhigiteach,** síneoidh an tuismitheoir nó an caomhnóir an deimhniú i gcás nach bhfuil an leanbh in ann scríobh. ~~Beidh síniú duine neamhliteartha~~**I gcás duine nach bhfuil ar a chumas síniú,** déanfar é sin ~~cuirfear~~ a léiriú ar an ngnáthbhealach trí mharc an duine agus léiriú duine éigin eile gurb é sin marc an duine lena mbaineann**, agus glacfar leis sin le bheith ina shíniú. Maidir le daoine a bhfuil caomhnóir acu, síneoidh an caomhnóir an deimhniú thar a gceann**.

(…)

10. Glacfar le doiciméad comhionann arna eisiúint ag na Fórsaí Armtha chuig ball gníomhach de na Fórsaí sin in ionad deimhniú idirnáisiúnta san fhoirm a thaispeántar san Iarscríbhinn seo i gcás an mhéid seo a leanas:

(a) go gcuimsíonn sé faisnéis leighis atá mórán mar an gcéanna leis an bhfaisnéis a cheanglaítear le foirm den sórt sin; agus

(b) go bhfuil ráiteas ann i mBéarla nó i bhFraincis agus, más iomchuí, i dteanga eile de bhreis ar an mBéarla nó ar an bhFraincis ina dtaifeadtar cineál agus dáta an vacsaínithe nó an phróifiolacsais agus ~~lena gcuirtear in iúl~~**lena léirítear** go n-eisítear é de réir na míre seo.

DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH IDIRNÁISIÚNTA VACSAÍNITHE
NÓ PRÓIFIOLACSAS

Deimhnítear leis seo maidir le [ainm] , dáta breithe , inscne

náisiúntacht , doiciméad aitheantais náisiúnta, más infheidhme

a bhfuil a shíniú le feiceáil anseo[1] …………………………………… **,** **nó, más infheidhme:**

**ainm an tuismitheora nó an chaomhnóra ………………………………..**

**síniú an tuismitheora nó an chaomhnóra[1] ………………………………..**

go bhfuil vacsaín nó próifiolacsas faighte aige/aici in aghaidh na nithe seo a leanas ar an dáta a shonraítear:

(ainm an ghalair nó na haicíde) ………………………………………………… i gcomhréir leis na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta.

| Vacsaín nó próifiolacsas | Dáta | **Ainm an chliniceora maoirseachta, nó an údaráis ábhartha atá freagrach as an deimhniú** | Síniú ~~agus stádas gairmiúil~~ an chliniceora | Monaróir agus Uimh. baisc na vacsaíne nó an phróifiolacsais | Deimhniú bailí ó …. go dtí….. | Stampa oifigiúil an Lárionaid tabhartha[1] |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | | | |
| 2. | | | | | | |

**[1] Níl feidhm aige ach amháin maidir le deimhnithe a eisítear i bhformáid neamhdhigiteach.**

Níl an deimhniú seo bailí ach amháin má tá an vacsaín nó an próifiolacsas a úsáideadh faofa ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.

Ní mór an deimhniú seo **i bhformáid neamhdhigiteach** a bheith sínithe ~~de láimh~~ **ag** an gcliniceoir, a bheidh ina liachleachtóir nó oibrí sláinte údaraithe eile ~~,~~ a dhéanann maoirseacht ar an vacsaín nó an proifiolacsas a thabhairt. Ní mór stampa oifigiúil an Lárionaid tabhartha a bheith ar an deimhniú freisin; ní ghlacfar leis sin in ionad an tsínithe, áfach. **Gan beann ar an bhformáid inar eisíodh an deimhniú seo, ní mór ainm an chliniceora a dhéanann maoirseacht ar thabhairt na vacsaíne nó an phróifiolacsais a bheith ar dheimhnithe, nó ainm an údaráis ábhartha atá freagrach as an deimhniú a eisiúint nó as maoirseacht a dhéanamh ar an lárionad tabhartha.**

(…)

*IARSCRÍBHINN 8*

DEARBHÚ SLÁINTE ~~MUIRÍ~~ CAIGHDEÁNACH NA LOINGE

**(…)**

IATÁN LEIS DEARBHÚ SLÁINTE ~~MUIRÍ~~ CAIGHDEÁNACH NA LOINGE

(…)